

Eleathanach302

Dé Luain 15 Deireadh Fómhair 2018

An Banphrionsa Eugenie

Phós an Banphrionsa Eugenie Jack Brooksbank Dé hAoine seo caite. Tá sí 28 bliain d'aois. Tá Jack 32 bliain d'aois. Chaith sí dhá ghúna. Bhí an chéad ghúna bán agus chaith sí an gúna sin sa séipéal. Bhí an dara gúna bán dearg. Chaith sí an gúna sin ag an bhféasta.

Is í Beatrice deirfiúr Eugenie agus chaith sí gúna gorm agus is í Fergie máthair Eugenie agus chaith sise gúna glas.

Bhí a lán daoine ag an mbainis. Bhí Robbie Williams, Cara Delevingne, Demi Moore agus Kate Moss i láthair. Chan Robbie a amhrán cáiliúil 'Angels' ag an mbainis. Bhí an ghaoth ag séideadh agus chuaigh go leor hataí suas san aer!



Open House

Bhí *Open House* ar siúl i mBaile Átha Cliath ón 12- 14 Deireadh Fómhair 2018. Bhí go leor foirgneamh ar oscailt ar fud na cathrach. Is ócáid ailtireachta í seo: baineann ailtireacht le cruth agus dearadh foirgnimh. Bhí cead ag muintir na hÉireann dul isteach chuig foirgnimh éagsúla. Bhí a lán daoine ag cabhrú thar an deireadh seachtaine.

Thug daoine cuairt ar Áras an Uachtaráin agus ar fhoirgnimh an Rialtais. Bhí cead ag grúpa amháin dul isteach chuig Oifig an Taoisigh. Leo Varadkar is ainm don Taoiseach.

Labhair Leo leis an ngrúpa agus thaispeáin sé don ghrúpa na pictiúir a bhí ar an mballa ina oifig. Mhínigh sé don ghrúpa cén fáth ar roghnaigh sé na pictiúir sin. Bhí sé an-deas ar fad. Bhí cead ag daoine grianghraif a ghlacadh agus shuigh go leor páistí i suíocháin an Taoisigh. Bhí an Busáras ar oscailt freisin. Bhí cead ag daoine dul suas chuig barr an fhoirgnimh. Tá radharc iontach ón bhfoirgneamh. Tá fógra ar gach urlár leis na focail seo 'Má tá Gaeilge agat labhair í'

Éire agus an Danmhairg

Bhí cluiche sacair ar siúl Dé Sathairn sa Staid Aviva. Ba chluiche tábhachtach é. Bhí an cluiche mar chuid den *UEFA Nations League*. Is é Martin O'Neill an bainisteoir. Is é Richard Keogh captaen na foirne.

Tháinig Harry Arter ar ais. Chaill sé amach ar dhá chluiche toisc go raibh argóint aige leis an mbainisteoir cunta Roy Keane. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Éire 0; An Danmhairg 0.

Beidh an chéad chluiche eile ar siúl oíche Dé Máirt sa Staid Aviva. Tá súil ag an Eleathanach go mbeidh an bua ag foireann na hÉireann.

